



Ciorclán 0051/2019

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Nósanna Imeachta Earcaíochta agus Ceapacháin le haghaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS)

De bhun na cumhachta atá in Alt 24 den Acht Oideachais (mar a leasaíodh), tugann an tAire Oideachais agus Scileanna ordú d'fhostóirí na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm de réir mar atá leagtha amach sa chiorclán seo.

Gabhann an ciorclán seo in ionad na gCiorclán, na meabhrán, na rialacha agus na rialachán roimhe seo maidir le hearcaíocht agus ceapachán CRS lena n-áirítear Aguisín H den Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019, Ciorclán 0021/2011 agus Ciorclán 0059/2006. Tá teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

Ba cheart aird bhainistíochta na scoile a dhíriú ar gach ceist i dtús báire agus d'fhéadfadh sé go mbeidís siúd ag iarraidh dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíoch. Féadfar aon cheisteanna eile a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie.

Seoltar fiosruithe i leith an phainéil fhorlíontaigh CRS trí ríomhphost amháin chuig an seoladh ríomhphoist tiomnaithe seo a leanas: snasupplementpanel@education.gov.ie.



Clár Ábhar

SAINMHÍNITHE	3
1 RÓL AN BHOIRD BHAINISTÍOCHTA/BAINISTEORA/BOO	4
2 RIACHTANAIS OIDEACHAIS ÍOSTA LE hAGHAIDH FOSTAÍOCHTA MAR CRS .	4
3 FÓGRAÍ	4
4 IARRATAIS LEICTREONACHA	6
5 COMHDHÉANAMH AN BHOIRD AGALLAIMH -	8
6 DLITEANAS MAIDIR LE PAINÉIL FHORLÍONTACHA	8
7 CRITÉIR MHEASÚNACHTA	8
8 NOCHTADH LEASA/IONRACAS IMEACHTAÍ AN BHOIRD AGALLAIMH:	9
9 AGALLAIMH	10
10 AN tIARRATASÓIR AR ÉIRIGH LEIS/LÉI A CHEAPADH	11
11 CONARTHAÍ FOSTAÍOCHTA	13
12 FÓGRA AN CHEAPACHÁIN DON ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA	13
13 COMHALL	15
14 TAIFEAD DOICIMÉAD ATÁ Á gCOINNEÁIL AG AN SCOIL/ÚDARÁIS BOO	15
15 SINSEARACHT CRS	16



SAINMHÍNITHE

Chun críocha an Chiorcláin seo beidh na bríonna seo a leanas ag na téarmaí seo a leanas ach amháin má chuireann an comhthéacs a mhalairt in iúl:

Folúntas Caighdeánach Poist CRS Folúntas Poist CRS Ionadaíochta nó Clúdaigh	Post é seo ar cuid den chandam tacaíochta CRS a chuireann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar fáil do scoil. Ciallaíonn sé go gceaptar CRS ionadaíochta nó clúdaigh ar bhonn sealadach chun folúntas a líonadh le linn don duine a choinníonn an post caighdeánach CRS a bheith ar saoire neamhláithreachta ar nós Saoire Mháithreachais, Saoire Bhreiteachta, Sos Gairme, post-roinnt, srl, ionadaíocht saoire gan phá srl.
Laethanta	Ciallaíonn sé laethanta féilire ach amháin má tá a mhalairt sonraithe.
PF	Príomhfheidhmeannach Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO). Comhlíonann an PF feidhmeanna feidhmiúcháin an BOO lena n-áirítear gach feidhm fostaíochta.
Roinn	Ciallaíonn sé an Roinn Oideachais agus Scileanna.
Fostóir	Ciallaíonn sé Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/coláistí pobail, pobalscoileanna náisiúnta agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir más bunscoileanna (seachas pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna nó scoileanna cuimsitheacha atá i gceist. Féadann an BOO nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht a tharmligean mar is cuí maidir le gnóthaí atá leagtha amach sa chiorclán seo.
BOO	Tagraíonn sé do Bhord Oideachais agus Oiliúna.
Aire	Tagraíonn sé don Aire Oideachais agus Scileanna.
Post/folúntas	Tagraíonn sé do phost CRS, cibé acu, lánaimseartha nó páirtaimseartha, a mhaoinítear as airgead atá á chur ar fáil ag an Oireachtas.
Scoil Aitheanta	Ciallaíonn sé scoil atá aitheanta ag an Aire i gcomhréir le hAlt 10 den Acht Oideachais, 1998;



1 RÓL AN BHOIRD BHAINISTÍOCHTA/BAINISTEORA/BOO

1.1. Tá d'fhreagracht ar gach fostóir nósanna imeachta éifeachtacha a choimeád chun iad seo a leanas a chinntiú:-

- a) Oscailteacht agus trédhearcacht i bpróiseas ceapacháin chuig poist maoinítear as airgead poiblí, agus
- b) Comhall:
 - i. Reachtaíocht ábhartha atá i bhfeidhm tráth a ndéantar an ceapachán, agus
 - ii. Rialacháin agus ciorcláin ábhartha a eisíonn an Roinn ó am go chéile agus go háirithe an ciorclán ábhartha ina leagtar amach na socrúcháin maidir le sannadh forlíontach (féach [cuid 6](#)) do CRS.

1.2. Tá na Boird Bhainistíochta/BOO freagrach, de réir na nósanna imeachta anseo thíos, as CRS a cheapadh i scoileanna. Tá ceapachán ar bith dá leithéid faoi réir faofa roimh ré ag Pátrún na Scoile/BOO i gcás Bunscoileanna.

1.3. Ní cheapfar CRS ach i bpost atá le líonadh laistigh den leithdháileadh post atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

2 RIACHTANAIS OIDEACHAIS ÍOSTA LE HAGHAIDH FOSTAÍOCHTA MAR CRS

2.1. Is é an caighdeán oideachais íosta le haghaidh ceapacháin i bpost CRS:

1. Cáilíocht leibhéal 3 ar Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí, NÓ
2. Trí ghrád D, ar a laghad, sa Teastas Sóisearach, NÓ
3. A choibhéis.

2.2. Tá Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann www.qqi.ie freagrach as Creatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá tuilleadh eolais ar Chreatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí ar fáil ag www.nfq.ie. Is féidir teacht ar cheisteanna nó comhairle maidir le haitheantas ar cháilíochtaí ón iasacht ar fáil ag www.naric.ie.

3 FÓGRAÍ

3.1. Ní ceadmhach do Bhord Bainistíochta/BOO folúntas caighdeánach CRS a fhógairt gan na nithe seo a leanas a áirithiú roimh ré:

- a) Ar an gcéad dul síos, go bhfuil post lánaimseartha tairgthe do gach CRS reatha páirtaimseartha (seachas CRS ionadaíochta) de réir an chiorcláin



ábhartha ina leagtar amach na socrúcháin um shannadh forlíontach do CRS, faoi réir eisceacht ar bith atá sonraithe ann, agus

- b) ar an dara dul síos, má bhaineann, go bhfuil painéal inmheánach ar bith a bhunaigh an scoil i ndiaidh agallamh le haghaidh post caighdeánach CRS glan.

3.2. Ní mór gach folúntas caighdeánach CRS agus gach folúntas clúdaigh CRS a mhairfidh ar feadh 24 seachtaine nó níos faide a fhógairt ar cheann de na suímh ghréasáin seo a leanas a luaithe agus is féidir (b'fhéidir go ngearrann cuid de na soláthraithe seo táille chun poist a fhógairt ar a gcuid suíomh). Is féidir folúntais CRS a fhógairt go háitiúil freisin de réir riachtanais nó mar a mheastar is gá. Cuirfidh seo ar chumas CRS atá á gcur ar iomarcaíocht fios a bheith acu cén folúntais atá ar fáil.

Liosta na suíomh gréasáin:

www.staffroom.ie

www.educationcareers.ie

www.educatetogether.ie

www.jobsireland.ie

www.educationposts.ie

Suíomh gréasáin de chuid Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar bith

3.3. Faoi réir aon eisceachtaí arna ceadú ag na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2015, ní féidir rún maidir le hidirdhealú a léiriú ná ní féidir faisnéis a bheith ann, i bhfoirm ar bith, a bhféadfaí tuiscint a bhaint aisti go réasúnach go bhfuil a leithéid de rún i gceist.

3.4. Leis an bhfógra lorgófar iarratais mar aon le curriculum vitae nó ar fhoirm iarratais chaighdeánach ó dhaoine incháilithe. Iarrfar orthu an t-iarratas a chur isteach faoi dháta sonraithe chuig an duine atá sonraithe sa bhfógra ag an seoladh sonraithe/go leictreonach. Maidir le folúntais chaighdeánacha, tabharfar cuireadh d'iarratasóirí ón bpainéal um shannadh forlíontach CRS, de réir mar atá sonraithe i gcioclán ábhartha na Roinne, cóip bhailí dheimhnithe den bhFoirm Painéil 1 (PF1) a chur isteach mar atá mínithe sa Chiorclán seo.

3.5. Luafar sa bhfógra:

1	Ainm, seoladh, uimhir rolla agus pátrúnacht na scoile, nó más BOO atá i gceist, ainm, seoladh agus uimhir rolla na scoile/scoileanna ina bhfuil an folúntas ag teacht chun cinn.
2	An dáta a mheastar a thosóidh an post.
3	Luaigh cé acu an post lánaimseartha nó páirtaimseartha atá ann agus líon na n-uaireanta páirtaimseartha.
4	Luaigh cé acu an post CRS caighdeánach nó post CRS clúdaigh atá i gceist.
5	Cur síos ginearálta ar dhualgais an phoist.



6	An seoladh ar cheart iarratais a sheoladh chuige. Is féidir seoladh poist nó seoladh leictreonach a thabhairt (féach mír 4 maidir le hiarratas leictreonach/nósanna imeachta leictreonacha).
7	An dáta is déanaí ar a nglacfar le hiarratais, dáta nach luaithe ná 14 lá tar éis chéad dáta foilseacháin an fhógra.
8	Luaigh nach mór curriculum vitae nó foirm iarratais chaighdeánach a chur isteach mar aon leis an iarratas (níor chóir iarraidh ar iarratasóirí an dá rud, curriculum vitae agus foirm iarratais) a chur isteach.
9	Luaigh go bhféadfaí painéal inmheánach d'iarratasóirí oiriúnacha a bhunú, más cuí, óna líonfaí folúntais amach anseo (folúntais CRS chlúdaigh san áireamh) (agus go mbeidh sé bailí ar feadh tréimhse na scoilbhliana). Ní féidir folúntais CRS chaighdeánacha a líonadh ó phainéal a bunaíodh tar éis agallamh le haghaidh poist chlúdaigh CRS.
10	Maidir le folúntais CRS chaighdeánacha, ba chóir cuireadh a thabhairt d'iarratasóirí cóip bhailí dheimhnithe den bhFoirm Painéil 1 (PF1) a chur isteach de réir mar atá sonraithe sa chiorclán ábhartha ina leagtar amach na socrúithe um shannadh forlíontach.
11	Ní mór liosta a bheith san fhógra faoi na hinniúlachtaí agus/nó na riachtanais ar leith is gá chun riachtanais speisialta oideachais an dalta nó na ndaltaí a chomhlíonadh.

4 IARRATAIS LEICTREONACHA

4.1. Má roghnaíonn an fostóir glacadh le hiarratais leictreonacha (ríomhphoist/ar líne), ba chóir cloí leis na nósanna imeachta seo a leanas:

- a) Ba chóir cuntas ríomhphoist/ar líne a dhéanamh don phróiseas iarratais. Mura bhfuil rochtain ag an bhfostóir ar sheoladh ríomhphoist ar leithligh, is féidir seirbhís ar nós gmail a úsáid m.sh. Ainmscoileiarratas@gmail.com. Níor chóir ach seoladh ríomhphost amháin a bheith le feiceáil ar an bhfógra.
- b) Níor chóir go mbeadh rochtain ach ag comhaltaí an Bhoird Agallaimh ar an gcuntas sin. I mBOO déanann an PF/oifigeach tarmligthe iarratais a oscailt roimh an ngearrliostáil.
- c) Ba chóir cloí go daingean leis an spriocdháta agus an spriocam chun iarratais a chur isteach. Is ionann an dáta agus an t-am atá cláraithe ar an ríomhphost agus an dáta agus an t-am ar a fhaightear iarratais. Measúnófar na hiarratais de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa gclóclán seo.
- d) Is féidir fógra de chuireadh chun agallaimh agus na doiciméid ábhartha atá liostaithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist an iarratasóra. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarratasóirí a dhearbhu tríd an ríomhphost go mbeidh siad ag freastal ar an agallamh.
- e) I gcás ina seoltar ríomhphost chuig roinnt iarratasóirí ag an am céanna, ba chóir a bheith cúramach rúndacht gach iarratasóra a choinneáil. Ba chóir d'fhostóirí úsáid a bhaint as an rogha :bcc, nó ríomhphoist a sheoladh chuig iarratasóirí ar bhonn aonair.



- f) Féadfaidh fostóirí cinneadh a dhéanamh freagra a chur i scríbhinn (trá ríomhphost san áireamh) chuig na hiarratasóirí mírathúla sin a d'fhreastail ar agallaimh. Mar sin féin, má tá ríomhphost á úsáid, moltar d'fhostóirí cóip den litir chuig an iarratasóir mírathúil a shábháil nó a phriontáil le haghaidh thaifid na scoile.
- g) Is féidir an seoladh ríomhphoist a úsáid le haghaidh feachtas earcaíochta nua ag Bord Agallaimh nua. I gcás ina mbaintear leas as an seoladh ríomhphoist scoile céanna le haghaidh comórtas ina dhiaidh sin, ba chóir na pasfhocail a athrú chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ach ag an mBord Agallaimh nua ar na hiarratais. Ní fhéadfaidh an Bord Agallaimh/BOO rochtain a dhéanamh ach ar na hiarratais a fhaightear idir dáta an fhógra agus dáta deiridh an chomórtais.



5 COMHDHÉANAMH AN BHOIRD AGALLAIMH -

Bord Agallaimh CRS	<ul style="list-style-type: none">• Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta. <p>I gcúinsí eisceachtúla agus ar chúiseanna bailí is féidir le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta iarratas a dhéanamh chuig an bPátrún/na hIontaobhaithe (ag leibhéal Iarbhunscoile) ar a bheith eisiata ón bpróiseas (ní bhaineann sé le Pátrún i gcás na hearnála pobail agus cuimsithí). I gcás ina gcinneann an Pátrún an t-eisiamh seo a cheadú, déanfaidh an Pátrún/na hIontaobhaithe socrú chun ionadaí a cheapadh ar an mBord Agallaimh. Ainmneoidh an Cathaoirleach duine ina (h)ionad féin mura féidir leis/léi freastal ar an bpróiseas san earnáil phobail agus chuimsitheach.</p> <ul style="list-style-type: none">• Príomhoide Scoile.• Duine amháin eile arna ainmniú ag an bPátrún (Bunscoil)/Iontaobhaithe(Iarbhunscoil). <p>I gcás ina roghnaítear CRS i dtréimhse tar éis Príomhoide a cheapadh ach roimh don Phríomhoide sin dul i mbun oifige, líonfaidh an Príomhoide nuacheaptha post an Phríomhoide ar an mBord Agallaimh.</p>
Scoileanna BOO, Pobalscoileanna Náisiúnta san áireamh	<ul style="list-style-type: none">• 1 Ainmní PF an BOO - an Príomhoide de ghnáth.• 1 Saineolaí Oideachais arna cheapadh ag an mBOO.• 1 Measúnóir Neamhspleách arna cheapadh ag an mBOO. <p>Saineolaí Oideachais - Duine ag a bhfuil an taithí chuí ar oideachas.</p>

5.1. Ní mór fear amháin agus bean amháin ar a laghad a bheith ar an mBord Agallaimh.

5.2. Ní mór rúndacht a choimeád ó cheann ceann an phróisis.

6 DLITEANAS MAIDIR LE PAINÉIL FHORLÍONTACHA

6.1. Ba chóir a chinntiú go gcloífear go docht leis na ciorcláin ina leagtar amach dliteanas maidir le painéil fhorlíontacha CRS.

7 CRITÉIR MHEASÚNACHTA

7.1. Faoi réir míre 6 thuas coinneoidh an Bord Agallaimh/BOO a lánrogha an post a athfhógairt mura bhfuil sé sásta leis an líon iarratas a fuarthas agus beidh foráil ann nach gá do na daoine a bhfuarthas a gcuid iarratas laistigh den am a sonraíodh sa



bhfógra tosaigh iarratas a dhéanamh arís agus go gcoinneofar a gcuid iarratas go dtí an chéad spriocdháta eile.

- 7.2. I gcás ina bhfuil líon íosta iarratas sonraithe sa bhfógra agus nár sroicheadh é, déanfar an post a fhógairt arís agus beidh foráil ann nach gá do na daoine a bhfuarthas a gcuid iarratas laistigh den am a sonraíodh san fhógra tosaigh iarratas a dhéanamh arís agus go gcoinneofar a gcuid iarratas go dtí an chéad spriocdháta eile. Seachas sin, tabharfar cuireadh do thriúr iarratasóirí incháilithe ar a laghad teacht chuig agallamh.
- 7.3. Beidh cruinniú ag an mBord Agallaimh a luaithe is féidir, ag a mbunófar critéir chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais agus d'agallaimh sula n-osclaítear na hiarratais a fuarthas. Is é an Bord Agallaimh/PF/oifigeach tarmligthe a osclóidh na hiarratais roimh an ngearrliostáil. Agus na critéir á mbunú glacfar na gnéithe seo a leanas san áireamh le haird ar na riachtanais faoin gcioclán ábhartha ina leagtar amach na socrúithe um shannadh forlíontach agus an reachtaíocht chuí cé nach gá gur san ord seo atá sé:
 - Cearta an Phainéil Fhorlíontaigh
 - Cáilíochtaí
 - Na hinniúlachtaí agus/nó na riachtanais ar leith is gá chun riachtanais speisialta oideachais an dalta nó na ndaltaí a chomhlíonadh.

Ba chóir a bheith cúramach nach mbeidh na critéir ina gcúis le hidirdhealú ar na forais atá leagtha amach in Alt 6(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2015, i.e. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht sa Lucht Taistil.

- 7.4. Ní mór do na critéir a roghnaítear riachtanais na scoile/an BOO a léiriú.
- 7.5. Ní mór rúndacht a choimeád ó cheann ceann an phróisis.
- 7.6. Roghnófar na hiarratasóirí le haghaidh agallaimh bunaithe ar mheasúnú tosaigh ar na hiarratais i gcomparáid leis na critéir bhunaithe.

8 NOCHTADH LEASA/IONRACAS IMEACHTAÍ AN BHOIRD AGALLAIMH:

- 8.1. Cuirfidh an fostóir in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh go bhfuil sé de fhreagracht ar an mBord Agallaimh díriú ar nochtaí leasa/ionracais de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. I scoileanna BOO is é an BOO a dháileann na hiarratais agus foirm choimhlint leasa amach ar chomhaltaí an Bhoird Agallaimh (cuirtear na foirmeacha agus iad comhlánaithe, ar ais chuig na BOO).
- 8.2. Aon chomhalta den Bhoird Agallaimh a bhfuil gaol aige/aici le duine is iarratasóir ar phost, cuirfidh sé/sí an gaol sin, agus nádúr an ghaoil sin, in iúl don Bhoird Agallaimh/BOO láithreach. Ní gá gurb ionann gaol gairmiúil ann féin agus coinbhleacht leasa a bheith ann m.sh. bheith tar éis obair le chéile roimhe sin. Sa chomhthéacs sin ceanglaítear ar bhail an Bhoird Agallaimh nochtheadh a dhéanamh ní



hamháin i gcás gaol clainne ach i gcás gaol ar bith ina bhféadfaí a mheas go mbeadh sé dochrach i dtaca le neamhchlaontacht iomlán i bpróiseas an agallaimh a áirithiú.

- 8.3. Tar éis an nochtá seo, cinnfidh an Bord Agallaimh/BOO cibé an mbeidh aon pháirt eile ag an gcomhalta sin sa phlé nó sa chinneadh ar an gceapachán as sin go dtí go ndaingnítear é ar leibhéal an fhostóra. I gcás ina measann an Bord Agallaimh go bhfuil údar inní ann maidir le comhalta den Bhord Agallaimh, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh é sin in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO a chuirfidh in iúl don Phátrún/PF/na hIontaobhaithe (ag an leibhéal Iarbhunscoile) é, ach amháin más ionann Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO. Sa chás sin níor mhór teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bPátrún/PF/Iontaobhaí/Iontaobhaithe/ainmní an Bhoird Bhainistíochta san earnáil dheonach Iarbhunscoile go díreach. Ainmneoidh an Pátrún/PF/na hIontaobhaithe comhalta eile ina (h)ionad tar éis dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO.
- 8.4. Má chinntítear coibhleacht leasa i scoileanna BOO seoltar iarratais ar ais nó scriostar iad.
- 8.5. I ngach cás i scoileanna BOO seoltar an Fhoirm um Choinhleacht Leasa ar aghaidh chuig an mBOO.
- 8.6. Is féidir go gcuirfí an próiseas ó mhaith mura nochtar aon ghaol.

9 AGALLAIMH

- 9.1. De ghnáth, ba chóir cuirí chun freastal ar agallamh a eisiúint i scríbhinn nó tríd an ríomhphost laistigh de thrí seachtaine féilire ón dáta deiridh chun iarratais a fháil agus ba chóir an méid seo a leanas a áireamh iontu:
 - i. Tugtar fógra an dáta, ama (lasmuigh d'uaireanta scoile i mbunscoileanna ach amháin Pobalscoileanna Náisiúnta) agus súimh ar leith 7 lá ar a laghad roimh ré (níl líon na laethanta sonraithe san earnáil phobail agus chuimsitheach).
 - ii. Sonraí na gcrítear bunaithe maidir leis an bpost/na poist.
 - iii. Iarradh ar an iarratasóir a chur in iúl don mBord Agallaimh/BOO má tá aon chabhair bhreise ag teastáil uaidh/uaithi i leith riachtanas speisialta.
- 9.2. Ní mór rochtain iomlán a bheith ar shuíomh an agallaimh agus go gcomhlíontar an reachtaíocht uile maidir le Míchumas agus Sláinte agus Sábháilteacht ann.
- 9.3. Beidh baint ag gach ceist san agallamh le riachtanais an phoist féin. Ní chuirfear aon cheist ná ní iarrfar ar aon iarratasóir faisnéis a thabhairt a bhféadfaí a fhorléiriú gur ceisteanna nó iarratais idirdhealaitheacha iad.

Agus baill foirne á roghnú le haghaidh scoileanna ina bhfuil buachaillí amháin nó ina bhfuil cailíní amháin ní mór cúram speisialta a ghlacadh lena chinntiú go dtabharfar



comhdheis d'iarratasóirí fir is mná araon, chun iad féin a chur i láthair mar iarratasóirí oiriúnacha, agus nach dtabharfar le tuiscint ó na ceisteanna a chuirfear go bhfuil dearcadh réamhcheaptha ag an mBord Agallaimh maidir le hoiriúnacht fir nó mná d'aon phost ar leith.

Ní bhaineann mír 9.4 go 9.7 le scoileanna BOO. Déantar tagairt do scoileanna BOO uile i mír 9.8

- 9.4. Éilítear ar gach comhalta den Bhord Agallaimh a b(h)ileog mharcála féin a chomhlánú agus í a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh nuair atá na hagallaimh críochnaithe.
- 9.5. Déanfar na marcanna ar leith a shuimiú agus bainfear úsáid as an marc deiridh do gach iarratasóir chun rangú a chruthú de na hiarratasóirí a mheastar a bheith oiriúnach lena gceapadh (ní bhaineann sé seo leis an earnáil phobail agus chuimsitheach).
- 9.6. I ndiaidh agallaimh, má fhaigheann roinnt iarratasóirí an marc céanna, ba cheart gur socródh sinsearach mar CRS an rangú chun an folúntas a líonadh. Is féidir sinsearach CRS a fháil amach ón bhFoirm PF1.
- 9.7. Agus an próiseas agallaimh curtha i gcrích, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh, thar ceann an fhostóra, seiceálacha ar theistiméireachtaí an iarratasóra ag a bhfuil an rangú is airde. San áireamh anseo bheadh teistiméireachtaí a lorg agus a sheiceáil agus a chinntiú gur féidir aon bhearna gan mhíniú sa taifead fostaíochta/curriculum vitae a mhíniú go sásúil.

Déanfaidh an Bord Agallaimh oiriúnacht teistiméireachta ar bith a chinneadh faoina lánrogha féin. Forchoimeádann an Bord Agallaimh freisin an ceart ainmneacha moltóirí eile a iarraidh ó iarratasóir. Ba chóir taifid chuí de na seiceálacha seo a choimeád ar chomhad pearsanra an té atá le ceapadh.

- 9.8. I scoileanna BOO cloífidh an próiseas agallaimh le barrchleachtas bunaithe na mBOO.
- 9.9. Ba chóir bileoga marcála an iarratasóra féin a chur ar fáil ar iarratas ar chríoch an phróisis earcaíochta.

10 AN tIARRATASÓIR AR ÉIRIGH LEIS/LÉI A CHEAPADH

10.1. Ar chríoch an phróisis agallaimh, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh tuairisc scríofa faoi bhráid an fhostóra ina leagfar amach:

- i. Gur comhlíonadh na nósanna imeachta roghnúcháin.
- ii. Cibé an ndearnadh nochtadh leasa/ionracais leis an mBord Agallaimh agus toradh an nochtá sin (féach mír 8).



- iii. Ainm an iarratasóra/na n-iarratasóirí is airde rangú a mheastar is oiriúnaí a cheapadh, agus
- iv. Deimhniú go bhfuarthas teistiméireachtaí oiriúnacha maidir leis an iarratasóir/na hiarratasóirí is airde rangú atá ainmnithe lena gceapadh. (Ní bhaineann sé seo le Pobalscoileanna Náisiúnta mar scrúdaíonn an BOO teistiméireachtaí na n-iarratasóirí rathúla sula dtugtar tairiscint ceapacháin).

10.2.I scoileanna seachas scoileanna BOO coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh:

- i. Taifead de na marcanna deiridh agus rangú na n-iarratasóirí. Tabharfar an fhaisnéis seo don Bhord Bainistíochta mar fhostóir, má iarrtar í.
- ii. Is féidir an t-ord fiúntais a úsáid má dhiúltaíonn an t-iarratasóir is airde rangú a ainmnítear lena cheapadh don phost.

I scoileanna BOO seolann na Boird Agallaimh doiciméadú ar ais chuig an mBOO.

10.3. Seiceálfar teistiméireachtaí an iarratasóra/na n-iarratasóirí ar éirigh leis/leo sula dtairgfear ceapachán ar bith.

10.4. Má tá sonraith sa bhfógra go bhféadfaí painéal inmheánach a chur ar bun coinneoidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh an fhaisnéis seo. I gcás meánscoileanna deonacha cuirfidh sé/sí an fhaisnéis ar aghaidh chuig an bPríomhoide nó i gcás BOO cuirfidh sé/sí ar aghaidh chuig an mBOO í. Painéal inmheánach iarratasóirí in ord fiúntais a mheastar a bheith oiriúnach lena gceapachán i bpost ar bith a thiofadh chun cinn sa scoil, bailí ar feadh tréimhse na scoilbhliana faoi réir teistiméireachta cuí agus ceadú roimh ré ón bPátrún/BOO/Iontaobhaithe (ní bhaineann ceadú le meánscoileanna san earnáil dheonach).

10.5. Déanfaidh an fostóir an post/na poist a thairiscint don iarratasóir/na hiarratasóirí is airde rangú a ainmníodh lena gceapadh ach amháin má bhíonn cúis mhaith leordhóthanach aige gan é sin a dhéanamh agus más amhlaidh nárbh eol an chúis sin don Bhord Agallaimh - i gcás mar sin déanfar an gnó a chur faoi bhráid an Phátrúin/na nIontaobhaithe/an BOO, agus glacfaidh an fostóir lena gc)inneadh siúd sa ghnó seo. Mura nglacfar leis an bhfolúntas arna thairiscint sa tréimhse ama chuí, aistarraingeofar an tairiscint.

10.6. San earnáil Bhunscoile, níor chóir post a thairiscint don bhfostaí ionchasach, go dtí go mbeidh ceadú roimh ré an Phátrúin faighte ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/ceadú roimh ré ón bPF i bPobalscoileanna Náisiúnta.

10.7. Cloífidh fostóirí leis an gcleachtas is fearr maidir leis na nithe seo a leanas.

- i. Fíorú doiciméadaithe: Ní mór cáilíochtaí an iarratasóra/na n-iarratasóirí is airde rangú atá ainmnithe le haghaidh ceapacháin a bheith bailíochtaithe.
- ii. Oiriúnacht míochaine: Déanfar gach iarratasóir rathúil atá á c(h)eadadh chuig post CRS in Éirinn den chéad uair nó Cúntóirí Riachtanais Speisialta a fhilleann ó shaoire neamhláithreachta nó ó shos seirbhíse eile a



mhaireann ar feadh breis is dhá scoilbhliana iomláine a scagthástáil trí cheistneoir míochaine réamhfhostaíochta agus deimhnítear oiriúnacht sula dtéann an CRS isteach i bpost an CRS nó sula bhfillleann sé/sí air. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i [Seirbhís Sláinte Ceirde do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta- Lámhleabhar do na Gnáthnósanna Imeachta](#).

- 10.8. Tá gach ceapachán faoi réir comhlíonadh an Achta Biúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus comhlíonadh Ciorclán ábhartha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.
- 10.9. Ba chóir a luadh sa litir fógra chuig an iarratasóir/na hiarratasóirí ar éirigh leo go bhfuil an tairiscint fostaíochta faoi réir ceadá ón Aire, dearbhú na gcáilíochtaí agus comhlíonadh riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda (féach 10.8) chomh maith le scagthástáil mhíochaine réamhfhostaíochta sula gcuirfead tús leis an bhfostaíocht.
- 10.10. Chomh luath is a fhaigheann an fostóir fógra i scríbhinn go bhfuil an t-iarratasóir rathúil ag glacadh leis an bpost, cuirfead na hagallaithe mírathúla go léir ar an eolas.
- 10.11. Ba chóir d'fhostóirí Doiciméad Fíorú Próisis ar leith a chomhlánú (ceangailte den gcioreclán ábhartha um shocruithe sannacháin fhorlíontaigh do CRS) i ndáil le gach duine a cheaptar i bhfolúntas caighdeánach CRS lena n-áirítear uaireanta breise a líonadh (is é sin, má fhaigheann CRS atá fostaithe go páirt-aimseartha cheana féin uaireanta breise). Ní gá Foirm Doiciméad Fíorú Próisis a chomhlánú maidir le folúntais ionadaíochta nó “chlúdaigh”.

11 CONARTHAÍ FOSTAÍOCHTA

- 11.1. Ullmhófar dhá chóip de chonradh fostaíochta agus síneoidh an dá pháirtí é (i.e. an fostóir agus an t-iarratasóir ar éirigh leis/léi) laistigh de chéad chúig lá na fostaíochta (féach Ciorcláin [12/05](#) agus [15/05](#)), agus comhlíonfar téarmaí an Acht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2018.

12 FÓGRA AN CHEAPACHÁIN DON ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

- 12.1. Agus an nós imeachta ceapacháin a bheith curtha i gcrích de réir mar atá mínithe thuas comhlíonfaidh an t-iarratasóir ar éirigh leis/léi agus na Boird Bhainistíochta/BOO (i gcás Pobalscoileanna Náisiúnta amháin) araon an fhoirm “Fógra Ceapacháin - Cúntóir Riachtanais Speisialta” i dtaobh na scoilbhliana ábhartha agus cuirfidh ar aghaidh í chuig an bPáimháistir í a luaithe is féidir d'fhonn a chinntiú go mbunófar an CRS nua-cheaptha ar an bPárolla a luaithe is féidir. Tá an fhoirm ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie agus seolfar ar ais í chuig:

Párolla Foirne Neamhtheagaisc,
An Rannóg Phárolla,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,

Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí
N37 X659





13 COMHALL

13.1. Ní mór do gach fostóir agus CRS cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. Ní bheidh an Roinn faoi dhliteanas maidir le haon chostais, oibleagáidí nó maoiniú conarthaí a eascraíonn as loiceadh cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

13.2. Coinneoidh gach fostóir nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm le cinntiú go gceaptar CRS de réir na nósanna imeachta atá sonraithe sa chiorclán seo agus de réir ciorclán ábhartha eile na Roinne.

13.3. Féadfaidh an Roinn scrúdú a dhéanamh ar thaifid cheapacháin CRS. Ní mór don bhfostóir gach doiciméadú a bhaineann le ceapadh CRS, a liostaítear i mír 14 thíos, a choimeád i dteannta na dtaifead pearsanra ábhartha. Lena chois sin, ní mór don bhfostóir fianaise dheimhnithe ar chomhlíonadh na riachtanas a choimeád ar comhad chun críocha cuntasáochta agus iniúchta. Cuirfidh an fostóir cóip den bhfaisnéis seo ar fáil don Roinn, má iarrtar í.

14 TAIFEAD DOICIMÉAD ATÁ Á gCOINNEÁIL AG AN SCOIL/ÚDARÁIS BOO

14.1. Ní mór na doiciméid seo a leanas a choimeád go sábháilte sa scoil/BOO le haghaidh gach ceapacháin CRS:

1	Cóip den bhfógra.
2	Iarratais ar an bpost.
3	Na critéir do mheasúnú na n-iarratasóirí.
4	Cóip bhailí dheimhnithe den bhFoirm Phainéil 1 (PF1) (má bhaineann).
5	Aon doiciméad agus/nó nótaí a chum an Bord Agallaimh.
6	Tuairisc an Bhoird Agallaimh - 7-14 thíos san áireamh.
7	Dearbhú bailíochtú na dteistiméireachtaí ó fhostóirí roimhe seo.
8	Cóip de cháilíochtaí oideachais an iarratasóra.
9	Deimhniú ar chomhlíonadh leis na hAchtanna um an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúchán (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus le Ciorcláin ábhartha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda.
10	Cóip den deimhniú maidir le hoiriúnacht mhíochaine a fuarthas ón tSeirbhís Sláinte Cheirde.
11	Aon doiciméadú eile a bhaineann le ceapacháin CRS ar leith.
12	Taifead ar cheadú an cheapacháin ón bPátrún/PF/BB (ní bhaineann sé leis an earnáil phobail agus chuimsitheach).
13	Chonradh fostaíochta comhlánaithe i.e. sínithe ag an bhfostóir agus ag an CRS.
14	Cóip den bhfoirm cheapacháin comhlánaithe ag an dá pháirtí, a cuireadh faoi bhráid an phámháistir.



14.2. Ba chóir gach doiciméad a bhaineann le próiseas earcaíochta CRS a choinneáil de réir beartas RGCS na scoile/BOO agus ba chóir iad a bheith ar fáil i gcomhair a n-iniúchta.

15 SINSEARACHT CRS

15.1. Tábhacht na Sinsearachta

Cinntítear sinsearacht CRS tríd an ord ina gceaptar chuig Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha iad. Baineann tábhacht le sinsearacht maidir leis an méid seo a chinneadh - cén CRS:

- Ar chóir uaireanta breise a thairiscint dó/di má leithdháiltear uaireanta breise ar an scoil/BOO, nó
- Ar chóir uaireanta laghdaithe a thairiscint dó/di nó ar chóir a f(h)ostaíocht a fhoirceannadh má laghdaítear leithdháileadh na scoile/an BOO.
- A líonfaidh folúntas de bharr gurb é/í an CRS is sinsearaí sa chás go bhfuil an marc céanna faighte ag roinnt iarratasóirí san agallamh.

Úsáidfean an liostáil sinsearachta agus ‘ is é an duine deireanach isteach an chéad duine amach’ chun críocha iomarcaíochta á shocrú.

15.2. Freagracht an Fhostóra:

Is é an Fostóir a chinneann sinsearacht de réir an dáta ar ar ndeachaigh an CRS i mbun dualgais i bpost CRS caighdeánach sa scoil/scéim áirithe sin, cibé acu, go lánaimseartha nó go páirtaimseartha, i scoil/BOO.

Ba chóir do gach fostóir a chinntiú go gcuirtear liostáil sinsearachta na gCRS atá fostaithe ar fáil dóibh.

15.3. Na Rialacha chun Sinsearacht a Chinneadh:

- i. Ní thosóidh rangú CRS chun críocha sinsearachta ach amháin ón dáta ar ar dtéann sé/sí i mbun dualgais i bpost CRS caighdeánach sa scoil/scéim áirithe sin, cibé acu, go lánaimseartha nó go páirtaimseartha, sa scoil/BOO.
- ii. Má théann beirt CRS nó níos mó i mbun dualgais i bpost CRS caighdeánach i scoil/scéim áirithe ar an lá céanna ba chóir don bhfostóir an t-ord sinsearachta a chinneadh de réir an oird inár liostáil na CRS mar thoradh ar an bpróiseas agallaimh, i.e. ba chóir an rátáil sinsearachta níos airde a thabhairt don CRS ag a raibh an rangú ab airde sa phróiseas agallaimh.
- iii. Más rud é gur ceapadh na CRS sular foilsíodh Ciorclán Cúntóirí Riachtanais Speisialta 03/03 i mí Lúnasa 2003, agus nach raibh aon phróiseas agallaimh ann is féidir leis an bhfostóir cáilíochtaí ar bith atá



ag an CRS a mheasta a bheith oiriúnach agus ábhartha i dtaobh riachtanais na scoile/an BOO amach anseo a ghlacadh san áireamh agus sinsearachta á cinneadh aige.

- iv. Má fhágann CRS post i scoil/BOO go deonach nó mar thoradh ar fhoirceannadh a c(h)uid fostaíochta agus má athcheaptar ina dhiaidh sin é/í chuig an scoil/BOO tar éis sos seirbhíse ní thosóidh a s(h)insearachta ach ó dháta an cheapacháin is deireanaí.
- v. Ríomhtar seirbhís phostroinnte mar sheirbhís lán chun críocha sinsearachta. Ní chuireann neamhláithreachta ceadaithe ar bith, m. sh. saoire mháithreachais, saoire uchtála, saoire tuismitheora, saoire athar, agus saoire bhreiteachta íoctha, isteach ar shinsearachta an CRS.
- vi. De réir Ciorcláin 0022/2012 ní ríomhtar am a caitheadh ar sos gairme mar sheirbhís chun críocha sinsearachta. Caithfear le seirbhís roimh shos gairme agus ina dhiaidh mar sheirbhís leanúnach chun críocha sinsearachta ach ní ríomhfar tréimhse iarbhír an sos gairme mar sheirbhís ináirithe.
- vii. Ní léireofar níos lú fabhar do CRS atá fostaithe i bpost caighdeánach páirtaimseartha maidir le sinsearachta a chinneadh mar gheall ar an stádas mar fhostaí páirtaimseartha. Tosaíonn sinsearachta CRS atá fostaithe ar feadh líon uaireanta rialta gach seachtain ar an lá a thosaíonn sé/sí ar a c(h)uid oibre ar bhonn páirtaimseartha. Má thagann athrú ar stádas CRS páirtaimseartha chuig stádas lánaimseartha i scoil/BOO gan bhriseadh sa tseirbhís is é an dáta tosaithe sa phost páirtaimseartha a chinnfidh sinsearachta an CRS.
- viii. Níor chóir seirbhís a tugadh i gcineál scéim fostaíochta phobail ar bith ina raibh an duine ag obair i scoil sular ceapadh mar CRS é/í a ríomh chun sinsearachta a chinneadh.
- ix. I gcás scoile cónasctha, má tá seirbhís gan bhriseadh leanúnach tugtha ag CRS go leanúnach i scoil amháin nó níos mó de na scoileanna atá á gcónascadh ríomhfar comhiomlán na seirbhíse seo agus sinsearachta á cinneadh.
- x. Má athraítear pátrúnacht scoile, i gcás go bhfuil seirbhís leanúnach gan bhriseadh tugtha ag CRS sa scoil lena mbaineann, glacfar an tseirbhís seo san áireamh agus sinsearachta á cinneadh.